
Foilsithe in *InTouch*, Mí an Mheithimh, 2017, 59. Cóip an Údair.




# Fealsamh Fiosrach

(Léirmheas ar *Cogito* le Caitríona Nic Sheáin & Andrew Whitson, An tSnáthaid Mhór, 2012, ISBN: 978-0-9552271-6-5)

**Léirmheas le Marie Whelton, Institiúid Oideachais Marino**

Whelton, M., 'Fealsamh Fiosrach: Léirmheas ar *Cogito* (Nic Sheáin & Whitson).' *InTouch*, Mí an Mheithimh, 2017, 59.

In *Cogito*, úsáideann Caitríona Nic Sheáin ócáid mhór i saol páiste – is é sin an bogadh ó theach amháin go teach eile – mar thúsphointe chun ceisteanna móra na fealsúnachta a ardú. Is ó ainmhithe agus ó fheithidí a thagann na ceisteanna: Cá as ar tháinig tú? Cá bhfuil tú ag dul? Cé thú féin? An bhfuil tú go cinnte anseo? Is ceisteanna iad a bhaineann leis an bhféiniúlacht phearsanta agus le heisint agus le beith an duine i gcoitinne. Ar ndóigh, tá na ceisteanna céanna sean-phléite ag na fealsaimh, ach bíonn ar gach páiste dul i ngleic leo ag am éigin ina saol.

Is é an bogadh tí a thugann ar an gcailín óg, Cogito, éisteacht a thabhairt do na ceisteanna sin ina hintinn istigh. Déanann sí 'cuartú agus ransú' agus í ag iarraidh

Foilsithe in *InTouch*, Mí an Mheithimh, 2017, 59. Cóip an Údair.

fadhb na féiniúlachta a réiteach. Ar deireadh, tar éis an chuardaigh go léir, aimsíonn sí litreacha agus éiríonn léi na litreacha a chur san ord ceart. A luaithe agus a litríonn sí a hainm féin (Cogito) leis na litreacha, feiceann sí a scáil ar ais thíos fúithi. Is léir go seasann an scáil d'fhéiniúlacht agus do shainiúlacht Cogito agus nuair atá an fhéiniúlacht sin aimsithe aici arís, go dtosaíonn sí ag spraoi. Cé go bhfuil coincheap an scéil spéisiúil, tá siombalachas na scáile teibí go leor. Ag an am céanna, áfach, cuireann an scéal béim ar úsáid na samhlaíochta, ar an gcuardach agus ar fhuascailt fadhbanna mar ghnéithe lárnacha den fhoghlaim.

Tá na léaráidí lán le mionsonraí samhlaíocha – síoga, ainmhithe, uimhreacha, cóid le scaoileadh, íomhánna den chathair, comharthaí bóthair, comharthaí ceiste, compáis, pas taistil agus eochracha. Níl amhras faoi ach go spreagfaidh siad léitheoirí óga chun cuardach a dhéanamh. Gabhann na dathanna mothú an scéil – tá siad dorcha nuair atá mearbhall ar Cogito, agus, tá siad geal agus tarraingteach nuair a fhuasclaíonn sí a cuid fadhbanna.

Foilsithe in *InTouch*, Mí an Mheithimh, 2017, 59. Cóip an Údair.

In éineacht leis an leabhar, tá DVD álainn. Léiriú iontach is ea an DVD agus tá úsáid éifeachtach bainte as beochan agus as fuaimeanna air. Cuid de na fuaimeanna, tá siad bunaithe ar fhuaimeanna cosúil le fuaim an chloig. Cuirfidh na fuaimeanna cód *Morse* in aigne don lucht éisteachta uaireanta eile.